**Ceangail 'cn' le deireadh an fhocail agus scríobh na focla nua.**

ó oc

aipe ap

**cn**

1. **cn + ó = cnó**

2. ____ + ____________ = ______________

3. ____ + ____________ = ______________

4. ____ + ____________ = ______________

# Scríbhneoireacht Chruthaitheach




Samhlaigh gur tú an duine ar an bhfón.
Tá tú ag caint leis an staisiún raidió áitiúil
agus ag insint dóibh céard atá ag tarlú.



# Poncaíocht a Úsáid

Ba cheart go dtosódh chuile abairt le bloclitir
agus ba cheart go gcríochnódh sí le lánstad.
Cuir na lánstadanna sna háiteanna cearta sa scéal seo:



## Scéal Sheáin

Tá mé ag deisiú eangacha ó bhí mé i mo ghasúr beag Is iad na cuimhní is deise dá bhfuil agam a bheith i mo shuí ar an gcéibh in éineacht le mo Dheaideó, ag breathnú air agus é ag deisiú eangacha agus ag éisteacht lena chuid scéalta Thaispeáin mo Dheaideó dom céard a bhí le déanamh, céim ar chéim Thug sé deis dom i gcónaí triail a bhaint as, agus níor dhúirt sé riamh go raibh mé á dhéanamh mícheart Nuair a rinne mé i gceart é, bhíodh focal molta aige dom agus deireadh sé, “maith an buachaill” Bhí mé chomh bródúil nuair a rinne mé i gceart é Ní dhearna mé dearmad riamh ar an méid a mhúin sé dom

# Poncaíocht a Úsáid

Cuimhnigh gur cheart go dtosódh chuile abairt le bloclitir agus go gcríochnódh sí le lánstad.
Cuir na lánstadanna agus na bloclitreacha sna háiteanna cearta chun dhá abairt a dhéanamh.
Mar shampla:

| |
|---|
| bhí an aimsir chomh dona sin nach ndeachaigh muid ag iascach chuaigh muid go Gaillimh ina áit = |
| **Bhí an aimsir chomh dona sin nach ndeachaigh muid ag iascach.** |
| **Chuaigh muid go Gaillimh ina áit.** |

rinne mé cuardach ar an idirlíon do bhád agus d'aimsigh mé curach a bhí le díol

________________________________________

________________________________________

beidh mé sa bhaile ar an Domhnach tá súil agam go bhfeicfidh mé ansin thú

________________________________________

________________________________________



# Scéalta a Scríobh

**Céard é an scéal?**
**Scríobh scéal le dul leis an bpictiúr.**



**Sula dtosóidh tú, cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:**

Cé hiad na daoine sa bhád?

Cá bhfuil siad?

Céard atá ar bun acu?

Céard atá siad ag rá lena chéile?

Céard a tharla níos luaithe?

Céard a tharlóidh anois?

# Scéalta a Scríobh

Focla úsáideacha:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **bád** | **ceo** | **locha** | **cabhair** |
| **fir** | **iasc** | **uisce** | **iomramh** |



# Dialann a Choinneáil

Is cúnamh é dialann a choinneáil chun coinní, cruinnithe agus ócáidí speisialta a chur i gcuimhne duit ó lá go lá. Coinnigh dialann ar feadh na seachtaine seo ina mbeidh cuntas ar céard a rinne tú chuile lá.

**Dé Luain**

**Dé Máirt**

**Dé Céadaoin**

# Dialann a Choinneáil

**Déardaoin**

___

___

___

**Dé hAoine**

___

___

___

**Dé Sathairn**

___

___

___

**Dé Domhnaigh**

___

___

___





# Aonad 5


# Sábháilteacht Phearsanta




# Sláinte agus Sábháilteacht ar an bhFarraige

Taispeánann na pictiúir rudaí atá sábháilte agus nach bhfuil sábháilte nuair atá duine ag obair ar bhád. Cuir ciorcal timpeall ar na rudaí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach:.












# Sláinte agus Sábháilteacht ar an bhFarraige

Meaitseáil na pictiúir leis na focla:.




Dréimire



Buataisí Sábháilteachta




Baoi Tarrthála



Múchtóir Tine



Lámhainní Sábháilteachta




Seaicéad Tarrthála



# Sláinte agus Sábháilteacht ar an bhFarraige

Tá go leor rudaí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ar an bhfarraige. Meaitseáil na pictiúir leis na focla:




Deic Fhliuch



Alcól



Duáin



Caitheamh Tobac



Rópaí



Drugaí

# Sláinte agus Sábháilteacht ar an bhFarraige

| | | |
|---|---|---|
| **seaicéad tarrthála** | **rópaí** | **deic fhliuch** |
| **baoi tarrthála** | **alcól** | **múchtóir tine** |
| **dréimire** | **caitheamh tobac** | **lámhainní** |

Déan liosta de na rudaí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ar an bhfarraige trí úsáid a bhaint as an liosta focal:

Anois déan liosta de na rudaí a chabhraíonn leat fanacht sábháilte ar an bhfarraige:



# Sláinte agus Sábháilteacht – An Dlí d'Fhostóirí



Ritheadh an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 chun a chinntiú go bhfuil chuile áit oibre sábháilte. De réir an Achta seo, ní mór don duine a bhfuil tú ag obair dó nó di na rudaí seo a leanas a chur ar fáil:

- Áit oibre atá sábháilte
- Trealamh sábháilteachta, cosúil le seaicéad tarrthála
- Oiliúint
- Leithris agus uisce
- **Plean** i gcás éigeandála

# Sláinte agus Sábháilteacht – An Dlí d'Fhostóirí



**Léigh na ráitis seo a leanas.**
**An bhfuil siad fíor nó bréagach?**
**Ní mór don duine a bhfuil tú ag obair dó nó di:**

- Oiliúint a thabhairt duit ______________
- Plean éigeandála a bheith aige nó aici ______________
- Cithfholcadáin a chur ar fáil ______________
- Cinntiú go bhfuil seaicéad tarrthála ort ______________
- Bia a thabhairt duit ______________



# Sláinte agus Sábháilteacht – An Dlí d'Fhostóirí



**Deir an dlí go bhfuil dualgas ort mar oibrí aire a thabhairt duit fhéin agus do dhaoine eile.**
**Ní mór duit:**

- Freastal ar chúrsaí oiliúna
- Na rialacha a leanúint
- Trealamh sábháilteachta a úsáid; mar shampla, seaicéad tarrthála a chaitheamh
- Tú fhéin a iompar ar bhealach cúramach agus sábháilte
- Aon chontúirt nó riosca sábháilteachta a chur in iúl don bhainisteoir.

## Sláinte agus Sábháilteacht – An Dlí d'Fhostóirí



**Léigh na ráitis seo a leanas.**
**An bhfuil siad fíor nó bréagach?**
**Mar oibrí, ní mór duit:**

1. Seaicéad tarrthála a chur ort fhéin ______________
2. Na rialacha a leanúint ______________
3. Freastal ar oiliúint má tá fonn ort ______________
4. Neamhaird a thabhairt do chontúirt ______________
5. Plean éigeandála a chur i dtoll a chéile ______________



# Aonad 6

## Úsáid na Teicneolaíochta



# Ríomhairí sa Ghnáthshaol

Is píosa trealaimh é an ríomhaire a oibríonn mar seo:


cuir eolas isteach → déanann sé rud éicint → faigheann tú toradh

Seo roinnt samplaí den chaoi a bhfuil ríomhairí in úsáid agat cheana fhéin.
An bhfuil tú in ann cuimhneamh ar dhá shampla eile?

| | **Eolas isteach** | **Gníomh** | **Toradh** |
|---|---|---|---|
| **Raidió VHF** | Stáisiún a roghnú | Tiúnann an raidió isteach go dtí an stáisiún sin | Labhraíonn tú le duine éicint |
| **Aláram Deataigh** | Déanann deatach teagmháil leis an aláram | Casann an deatach an t-aláram air | Déanann an t-aláram fuaim ard |
| **Cuntar ollmhargaidh** | Scantar an barrachód ar an táirge | Meaitseálann an barrachód le praghas áirithe | Taispeántar an praghas ar an scipéad airgid |

# Ríomhairí sa Ghnáthshaol

Tá an rud céanna amhlaidh i gcás ríomhaire a úsáid.
Ní mór duit insint dó céard atá le déanamh,
déanann sé é agus faigheann tú toradh.




Seo roinnt samplaí de rudaí a dhéanfaidh ríomhaire duit.
An bhfuil tú in ann cuimhneamh ar aon sampla eile?

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Litir a scríobh** | Litreacha a bhrú ar an méarchlár | Leagtar amach abairtí agus ailt | Taispeántar an litir ar an scáileán |
| **Cuardach a dhéanamh do photaí gliomaigh atá ar díol** | 'Potaí gliomaigh ar díol' a chlóscríobh i d'inneall cuardaigh | Nascann do ríomhaire le ríomhairí eile tríd an Idirlíon | Taispeánfar liosta de photaí gliomaigh ar an scáileán |
| | | | |
| | | | |




# Ríomhairí a Úsáid

**Cas air an ríomhaire**
Tógann sé cúpla soicind ar an ríomhaire tosú.
Ní féidir leat aon rud a dhéanamh go dtí go mbeidh sé tosaithe i gceart.

Tá go leor rudaí le feiceáil nuair a chasann tú an ríomhaire air.

Baineann tú úsáid as an luch agus as an méarchlár chun treoracha a thabhairt don ríomhaire.



# Ríomhairí a Úsáid – Comhartha a Dhéanamh

**Comhartha 'Bád le díol' a dhéanamh – Nótaí don Teagascóir**

1. Taispeáin leathanach priontáilte den chomhartha críochnaithe 'Bád le Díol' do na foghlaimeoirí.
2. Taispeáin dóibh na céimeanna atá i gceist chun leathanach folamh a oscailt in Microsoft Word.
3. Clóscríobh 'Le Díol' agus an uimhir theileafóin faoi, agus bíodh na foghlaimeoirí ag déanamh an rud céanna in éineacht leat.
4. Athraigh treoshuíomh an leathanaigh go Tírdhreach.
5. Sábháil an leathanach san fhillteán 'My Documents' agus mínigh dóibh gur anseo a bheidh an leathanach an chéad uair eile.
6. Glac le 'Le Díol' mar ainm agus cliceáil ar 'Save'.
7. Dún an leathanach.
8. Cliceáil ar 'My Documents', cliceáil ar 'Le Díol' agus oscail an leathanach.
9. Roghnaigh an dá líne téacs.
10. Cuir an téacs sa lár.
11. Déan an téacs chomh mór is atá tú in ann.
12. Athraigh an téacs go cló trom.
13. Athraigh dath an téacs.
14. Sábháil an leathanach agus priontáil é.
15. Dún an leathanach.  Cas as an ríomhaire.



# An tIdirlíon



Amanta, tagann focla beaga le chéile chun focla níos mó a dhéanamh.

Meaitseáil na focla seo a leanas chun focla faoin Idirlíon a dhéanamh:

| | |
|---|---|
| méar | phost |
| leathan | chlár |
| ríomh | líon |
| Idir | bhanda |

# An tIdirlíon

Is gréasan domhanda ríomhairí an tIdirlíon agus tá na ríomhairí sin in ann cumarsáid a dhéanamh lena chéile trí línte teileafóin agus satailítí.
Is iad na húsáideanna is mó atá ag an Idirlíon:

- ríomhphost a sheoladh
- cuairt a thabhairt ar shuíomhanna gréasáin
- teachtaireachtaí meandracha a sheoladh.

**Ríomhphost:** Seo teachtaireacht a sheoltar go leictreonach tríd an Idirlíon.

**Suíomhanna gréasáin:** is féidir eolas a fháil faoi rud ar bith ar an Idirlíon. Is féidir leat inneall cuardaigh cosúil le Google a úsáid chun an tIdirlíon a chuardach agus suíomhanna gréasáin a aimsiú a thugann duit an t-eolas atá uait.

**Teachtaireachtaí meandracha:** ligeann sé seo duit teachtaireachtaí a sheoladh a bheidh le feiceáil ar scáileán an duine eile taobh istigh de chúpla soicind. Is féidir leat labhairt le duine amháin nó níos mó trí theachtaireachtaí a chlóscríobh ar an ríomhaire. Má tá ceamaraí nasctha le ríomhairí na beirte atá ag caint, is féidir leo an duine eile a fheiceáil agus a chloisteáil beo.



# An tIdirlíon

**Ábhar Plé:** Céard iad na bealaí a bhfuil an tIdirlíon úsáideach do dhaoine i dtionscal na hiascaireachta?

**Freagraí samplacha:** faisnéis na haimsire, eolas ón rialtas /BIM, cumarsáid le pobail iascaireachta eile, trealamh a cheannach/a dhíol.



# Ag Úsáid an Idirlín

**Nótaí Teagascóra**

1. Iarr ar na foghlaimeoirí an ríomhaire a chasadh air agus fanacht go dtí go mbeidh an deasc le feiceáil.
2. Aimsigh an deilbhín Internet Explorer agus cliceáil faoi dhó air.
3. Clóscríobh é seo sa bharra seoltaí: **www.google.com/webhp?hl=ga**
4. Tabhair eolas faoin ábhar a mbeidh na foghlaimeorí ag déanamh cuardaigh air. Sa chás seo, tá siad chun na nithe seo a aimsiú:
   a) an t-ainm atá ar shuíomh gréasáin B.I.M.
   b) an t-am a mbeidh lag trá i nGaillimh inniu
   c) faisnéis na haimsire don Chlochán amárach.
5. Pléigh na heochairfhocla is éifeachtaí dá gcuardach agus scríobh ar an smeach-chairt iad.
6. Clóscríobhfaidh na foghlaimeoirí a n-eochairfhocla agus cliceálfaidh siad ar Cuardach. Taispeáin dóibh an chaoi díreach leathanaigh as Éirinn a chuardach.
7. Cliceáil ar sheoladh chuile shuíomh gréasáin chun breathnú air.
8. Aithin agus mínigh an cnaipe 'Siar' agus 'Ar Aghaidh'.
9. Is féidir leis na foghlaimeoirí torthaí a gcuardaigh a thaifead ar an mbileog oibre.
10. Aimsigh an cnaipe chun an fhuinneog a dhúnadh sa choirnéal bairr ar thaobh na láimhe deise agus dún Internet explorer.



# An tIdirlíon a Chuardach

Cliceáil faoi dhó ar an deilbhín seo chun tosú ag úsáid an Idirlín:

Clóscríobh é seo sa bharra seoltaí:
**www.google.com/webhp?hl=ga**
Nuair a osclóidh leathanach Google, clóscríobh na heochairfhocla a bhaineann le do chuardach isteach sa bhosca cuardaigh.
Mar shampla, "bád le díol". Ansin, cliceáil ar 'Cuardach Google'.




Taispeánfar liosta suíomhanna gréasáin. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar na suíomhanna gréasáin seo trí chliceáil orthu.

# An tIdirlíon a Chuardach – Bileog Oibre

Aimsigh an t-eolas seo a leanas ar an Idirlíon trí Google a úsáid:

1. Ainm suíomh gréasáin B.I.M.


2. Cén t-am a mbeidh an lag trá i nGaillimh inniu?

3. Céard é faisnéis na haimsire don Chlochán amárach?



# Sábháilteacht Phearsanta - Teicneolaíocht a Úsáid

Baintear úsáid as raidiónna ar an bhfarraige chun cumarsáid a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála agus le soithigh eile. Baintear úsáid as fóin phóca ar an talamh chun labhairt le daoine eile. Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an dá rud nuair atá duine ag obair ar an bhfarraige?



| RAIDIÓ VHF | |
|---|---|
| **Buntáistí** | **Míbhuntáistí** |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

# Sábháilteacht Phearsanta - Teicneolaíocht a Úsáid




| FÓN PÓCA | |
|---|---|
| **Buntáistí** | **Míbhuntáistí** |
| | |



# Comharthaí Aitheantais

| | | | |
|---|---|---|---|
| a | alpha | n | november |
| b | bravo | o | oscar |
| c | charlie | p | papa |
| d | delta | q | quebec |
| e | echo | r | romeo |
| f | foxtrot | s | sierra |
| g | golf | t | tango |
| h | hotel | u | uniform |
| i | india | v | victor |
| j | juliet | w | whiskey |
| k | kilo | x | x-ray |
| l | lima | y | yankie |
| m | mike | z | zulu |

## Comharthaí Aitheantais

Cuir ciorcal timpeall ar chuile chomhartha aitheantais.
Tosaigh le **alpha**.

*alphabravocharliedeltaechofoxtrotgolfhotel



## Comharthaí Aitheantais Raidió

Cuir ciorcal timpeall ar chuile chomhartha aitheantais.
Tosaigh le **alpha**.

*alphabravocharliedeltaechofoxtrotgolfhotelindiajulietkilolimamikenovemberoscarpapaquebecromeosierratangouniformvictorwhiskeyx-rayyankiezulu

# Comharthaí Aitheantais Raidió

Cuir na comharthaí aitheantais raidió seo a leanas in ord aibítre:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **hotel** | **delta** | **bravo** | **golf** |
| **foxtrot** | **alpha** | **echo** | **charlie** |

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________
4. ______________________________
5. ______________________________
6. ______________________________
7. ______________________________
8. ______________________________




# Comharthaí Aitheantais Raidió

Líon isteach na litreacha atá ar iarraidh:

| | | |
|---|---|---|
| bravo | delta | tango |
| _ravo | _elta | _ango |
| b_avo | d_lta | t_ngo |
| br_vo | de_ta | ta_go |
| bra_o | del_a | tan_o |
| brav_ | delt_ | tang_ |
| _ _ _ _ _ | _ _ _ _ _ | _ _ _ _ _ |

# Comharthaí Aitheantais Raidió




**Cuir na comharthaí aitheantais seo a leanas isteach sa ghreille focal:**

| | | |
|---|---|---|
| delta | golf | tango |
| echo | alpha | Hotel |



# Sábháilteacht ar an bhFarraige – Teicneolaíocht a Úsáid

Nuair atá bád i mbaol, ní mór duit do raidió VHF a úsáid chun glaoch MAYDAY a dhéanamh.
Is iad seo na céimeanna nach mór duit a leanúint chun glaoch MAYDAY a dhéanamh:

- Tiúnáil do raidió VHF go dtí cainéal 16.
- Brúigh agus coinnigh síos cnaipe an mhicreafóin.
- Labhair go soiléir agus abair "MAYDAY, MAYDAY, MAYDAY".
- Tabhair ainm an bháid trí huaire agus abair "I spell" agus bain úsáid as cód raidió chun an t-ainm a litriú.
- Luaigh an áit ina bhfuil tú.
- Luaigh an fhadhb agus cé mhéad duine atá ar bord agat.
- Abair "I require immediate assistance".
- Éist le freagra.

# Sábháilteacht ar an bhFarraige – Teicneolaíocht a Úsáid

Cuir na céimeanna seo a leanas chun glaoch MAYDAY a dhéanamh san ord ceart (tá an chéad cheann déanta):

- [ ] Labhair go soiléir agus abair "MAYDAY, MAYDAY, MAYDAY"
- [ ] Éist le freagra.
- [ ] Brúigh agus coinnigh síos cnaipe an mhicreafóin.
- [ ] Abair "I require immediate assistance".
- [ ] Abair ainm an bháid trí huaire agus abair "I spell" agus bain úsáid as cód raidió chun an t-ainm a litriú.
- [ ] Luaigh an áit a bhfuil tú.
- [ ] Luaigh an fhadhb agus cé mhéad duine atá ar bord agat.
- [ ] Tiúnáil do raidió VHF go dtí cainéal 16.



# Sábháilteacht ar an bhFarraige



Tá tú ar an bhfarraige agus tugann tú faoi deara go bhfuil tine tosaithe i d'inneall. Is é Tara ainm an bháid. Tá beirt eile ar bord in éineacht leat. Tá tú soir ó chalafort Ros Láir. Cén chaoi a gcuirfeá amach glaoch ar do raidió le haghaidh cúnaimh?

1. ___________ _____________ ______________

2. Is é seo an ___________ I spell________ _________ __________ __________

3. Táimid _________ ó ____________ Ros Láir.

4. Tá _____________________ in inneall an bháid agus tá _________ ar bord.

5. I require immediate assistance.


# Aonad 7

# Láimhseáil Sonraí agus an Uimhearthacht



## Láimhseáil Sonraí

Taispeánann an phíchairt thíos an cineál sliogéisc a thóg iascaire an mhí seo caite. Taispeánann an sceall uaithne líon na gcloicheán a tógadh. Taispeánann an sceall dearg líon na ngliomach a tógadh agus taispeánann an sceall gorm líon na ribí róibéis.




Freagair na ceisteanna seo a leanas atá bunaithe ar an bpíchairt trí tic a chur sa bhosca ceart.

Ar thóg sé:

1. Níos mó gliomach ná ribí róibéis? ☐ Thóg ☐ Níor thóg
2. Níos lú ribí róibéis ná cloicheáin? ☐ Thóg ☐ Níor thóg
3. Níos mó gliomach ná cloicheáin? ☐ Thóg ☐ Níor thóg
4. Níos mó cloicheán ná ribí róibéis? ☐ Thóg ☐ Níor thóg

# Láimhseáil Sonraí – Cairteacha Scóir

Is féidir cairt scóir a úsáid chun eolas a thaifead. Sa sampla seo, fiafraíodh de dhaoine cén cineál éisc a thóg siad an tseachtain seo caite. Cuirtear marc sa tábla nuair a thuairiscíonn duine an cineál éisc a thóg siad. Comhairtear na marcanna ag an deireadh.

| Cineál Éisc | Scór | Iomlán |
|---|---|---|
| Trosc | \| \| | 2 |
| Doingean | \| \| \| | 3 |
| Gliomach | \| \| \| \| | 4 |
| Portán | \| \| \| | 3 |
| Sól | | 0 |

1. Cé mhéad duine a dúirt gur thóg siad sól?

___________________________________

2. Céard a thóg an chuid is mó de na daoine?

___________________________________

3. Cé mhéad duine a thóg doingean?

___________________________________



# Láimhseáil Sonraí – Cairteacha Scóir

Fiafraigh de na daoine i do ghrúpa an bhfuil na rudaí seo a leanas acu agus líon an bosca scóir:

| Rud | Scór | Iomlán |
|---|---|---|
| Raidió VHF | | |
| Bosca Garchabhrach | | |
| Seaicéad Tarrthála | | |
| GPS | | |

1. Cé mhéad duine a bhfuil seaicéad tarrthála acu?

___________________________________

2. Cé mhéad duine a bhfuil GPS acu?

___________________________________

3. Cé mhéad duine a bhfuil bosca garchabhrach acu?

___________________________________

4. Cé mhéad duine **breise** a bhfuil raidió VHF acu seachas GPS?

___________________________________

# Láimhseáil Sonraí – Barrachairteacha

Cruthaigh do bharrachairt fhéin trí úsáid a bhaint
as an eolas seo a leanas:


**Áiteanna oibre:**

Oibríonn seisear ar churacha

Oibríonn ceathrar ar thrálaeir

Oibríonn triúr ar fheirmeacha éisc

Oibríonn duine amháin i siopa éisc






# An Clog 12 Uair

Úsáideann an clog 12 uair a.m. agus p.m.
chun taispeáint an maidin nó tráthnóna é:

| |
|---|
| Is í an mhaidin atá i gceist le a.m. – 12 meán oíche go 12 nóin. |
| Is é an t-am idir 12 nóin go 12 meán oíche atá i gceist le p.m. |

**Mar shampla:**

4a.m. = 4 a chlog ar maidin
10.30p.m. = leathuair tar éis a deich san oíche

Scríobh na hamanta seo a leanas i bhfoirm **a.m.** nó **p.m.**:

D'éirigh Seán ag a hocht a chlog ar maidin ______________

Tháinig an criú i dtír ag a sé tráthnóna ______________

Bhí lag trá ann ag a seacht maidin Dé hAoine ______________

Bhí an cruinniú B.I.M. ann ag 8.30 aréir ______________

Beidh Séamus anseo ag a cúig tráthnóna ______________

# An Clog 24 Uair

I gcás an chloig 24 uair, téann na huaireanta suas go dtí 24 seachas a bheith roinnte idir a.m. agus p.m.

Líon isteach na bearnaí sa tábla seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Meán oíche | 00:00 |
| 1am | 01:00 |
| 2am | 02:00 |
| 3am | |
| 4am | 04:00 |
| | 05:00 |
| 6am | |
| 7am | |
| | 08:00 |
| 9am | |
| 10am | |
| 11am | |
| Nóin | 12:00 |
| 1pm | 13:00 |
| 2pm | |
| 3pm | |
| | 16:00 |
| 5pm | 17:00 |
| 6pm | |
| 7pm | |
| 8pm | |
| | 21:00 |
| 10pm | |
| 11pm | |






# Táblaí Taoide

| Tábla Taoide do Chalafort na gCealla Beaga | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Lán Mara** | **Lag Trá** | **Lán Mara** | **Lag Trá** |
| **Luan** | 00:21 | 06:42 | 12:45 | 19:09 |
| **Máirt** | 01:25 | 07:45 | 13:52 | 20:16 |
| **Céadaoin** | 02:30 | 08:53 | 15:00 | 21:23 |
| **Déardaoin** | 03:34 | 09:56 | 16:03 | 22:25 |
| **Aoine** | 04:32 | 10:52 | 16:58 | 23:18 |

1. Cén t-am a bheidh sé ina lán mara den chéad uair ar an gCéadaoin?

_______________________________________

2. Cén t-am a bheidh an dara lag trá ar an Aoine?

_______________________________________

3. Cén t-am a bheidh sé ina lán mara den dara huair ar an Máirt?

_______________________________________

4. Cén t-am a bheidh an chéad lag trá ar an Luan?

_______________________________________

# Tomhas




Céard iad na cineálacha rudaí nach mór iad a thomhas nuair atá duine ag iascach?



# Tomhas – Ceintiméadair

Déan meastachán ar na faid seo a leanas trí líne
a tharraingt a thaispeánfaidh an fad sin.
Úsáid do rialóir chun do chuid meastachán a thomhas.

5cm

Fad iarbhír

10cm

Fad iarbhír

3cm

Fad iarbhír

8cm

Fad iarbhír

15cm

Fad iarbhír


# Tomhas –Milliméadair

Thart ar leithead an lánstaid seo atá i gceist le milliméadar.

Tá 10 milliméadar (mm) i ceintiméadar amháin (cm).

1 cm = 10 mm.

2cm = 20mm




Cé mhéad milliméadar atá sna toisí seo a leanas?

4cm ________________

7cm ________________

5cm ________________

11cm ________________



# Méid Éisc a Thomhas - cm agus mm

**Nóta don Teagascóir:** Tabhair líníochtaí ar pháipéar d'éisc d'fhaid éagsúla do na foghlaimeoirí.

Tomhaistear fad iomlán aon éisc ó bharr an ghoib go dtí deireadh na heite eireabaill:



Déan meastachán ar fhad na n-iasc atá ar na líníochtaí.

**Leid: thart ar leithead do lúidín é ceintiméadar (cm).**

| Uimhir an Éisc | Fad measta | Fad Iarbhír | Difríocht |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |

# Éisc a Thomhas



Tá íosmhéid dhlíthiúil ag an gcuid is mó de na héisc agus fágann sé sin nach féidir leat ach éisc atá chomh mór leis na méideanna seo a leanas a choinneáil. Breathnaigh ar na méideanna seo a leanas agus úsáid rialóir ansin chun rud éigin a aimsiú san fhoirgeamh atá ar an méid céanna leis.

| Iasc | Íosmhéid | Rud |
|---|---|---|
| Trosc | 35cm | |
| Scadán | 20cm | |
| Doingean | 36cm | |
| Cadóg | 30cm | |
| Sairdín | 11cm | |



# Sliogéisc a Thomhas – cm agus mm


Déanann tú oisre a thomhas ag a phointe is leithne.

Is é 60mm méid dhlíthiúil oisre don mhargadh.
An bhfuil tú in ann buille faoi thuairim a thabhairt cé acu de na hoisrí atá 60mm?

Déan meastacháin ar mhéid na n-oisrí seo i milliméadair, ansin tomhais le rialóir iad.



Meastachán:______mm
Iarbhír: ________mm



Meastachán:______mm
Iarbhír: ________mm




Meastachán:______mm
Iarbhír: ________mm

# Tomhas - cm agus mm

Scríobh síos leithead na rópaí i milliméadair (mm)
*Cuimhnigh go bhfuil 10 milliméadar i ceintiméadar (cm)




________________mm




________________mm




________________mm




________________mm



# Aonad 8

## Cleachtaí Breise



# Leathan le Leathan, Caol le Caol

Leathan le leathan a théann le chéile;
níl aon mhaith i gceann gan an péire.
**a**, **o** agus **u** – bídís fada nó gearr –
chaon taobh den chonsan, is iad is fearr!

Le caol le caol, tá an scéal mar a chéile;
níl aon mhaith i gceann gan an péire.
i agus **e** – fada nó gearr –
chaon taobh den chonsan, is iad is fearr!

| **Leathan** | **Caol** |
|---|---|
| eangach | baoite |
| curach | Idirlíon |
| rópa | uimhir |

**Críochnaigh na habairtí thíos.**
**Cuimhnigh ar 'leathan le leathan, caol le caol'.**



1. Tá an doras dún __ __.



2. Tá an ghloine bris __ __.

# -e/ach

**Éist leis na focla seo. Ansin léigh iad.**

1. báist**each**
2. eang**ach**
3. teaghl**ach**
4. soith**each**
5. cur**ach**

   a) Céard a thugann tú faoi deara ó thaobh fuaimniú an 'e/ach'?

   b) An gcloiseann tú chuile litir go soiléir?

   c) Cén fáth a gcríochnaíonn na focla amanta le 'ach' amanta eile le 'each'?

**Scríobh na focla cearta thíos:**







**Anois léigh na focla a scríobh tú.**



# Ord Aibítre

| a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| n | o | p | q | r | s | t | u | v | w | x | y | z |

**Cuir na focla seo in ord aibítre:**

1. bád ______________________
2. rópa ______________________
3. duán ______________________
4. caladh ______________________
5. soitheach ______________________

**Bíonn na focla in ord aibítre sa bhfoclóir.**

**Cuartaigh na focla seo:**

1. eangach ______________________
2. curach ______________________
3. slat ______________________
4. baoite ______________________

# th- / -th-

**Éist leis na focla seo. Ansin léigh iad.**

1. **th**osaigh
2. **th**óg
3. soi**th**each
4. Sa**th**arn

    a) Céard a thugann tú faoi deara ó thaobh fuaimniú 'th' sna focla thuas?

**Éist leis seo.**
**Cuir líne faoi chuile focal le 'th' ann.**

Bíonn sé ag ithe sa gcathair ar an Satharn.

**Abair an fhuaim a dhéanann chuile 'th'.**

**Anois líon na bearnaí thíos.**

Bíonn sé ag ________ sa ______________ ar an ____________.

**Léigh na focla a scríobh tú.**



# Focla Beaga i bhFocla Móra

Faigh dhá fhocal bheaga sna focla seo:

| | | |
|---|---|---|
| 1. eangach | ach | an |
| 2. soitheach | ________ | ________ |
| 3. teaghlach | ________ | ________ |
| 4. iascach | ________ | ________ |
| 5. abhainn | ________ | ________ |
| 6. gliomach | ________ | ________ |
| 7. sábháilte | ________ | ________ |
| 8. seoladh | ________ | ________ |

# -a/igh

**Éist leis na focla seo. Ansin léigh iad.**

1. breath**naigh**
2. samhl**aigh**
3. ceann**aigh**
4. cuimhn**igh**
5. bail**igh**

    a) Céard a thugann tú faoi deara
    ó thaobh fuaimniú 'a/igh' sna focla thuas?

    b) Cé mhéad siolla atá sa chuile fhocal?

**Éist leis an abairt thíos.**
**Cuir líne faoi chuile fhocal le 'a/igh' ann.**

Bailigh leat go dtí an siopa, ceannaigh páipéar agus breathnaigh ar an gcéad leathanach.

**Abair an fhuaim a dhéanann chuile 'a/igh'.**
**Anois líon na bearnaí thíos.**

____________ leat go dtí an siopa, ______________

páipéar agus ________________ ar an gcéad

leathanach.



# -bh-

**Ceangail le chéile agus ansin scríobh chuile fhocal.**


| | | |
|---|---|---|
| ta | bh | ainn |
| la | bh | air |
| ca | bh | air |
| a | bh | air |


1. ta + bh + air = tabhair
2. _____ + _____ + _____ = ______________
3. _____ + _____ + _____ = ______________
4. _____ + _____ + _____ = ______________

**Léigh 1-4 píosa ar phíosa.**

## Focla Beaga i bhFocla Móra

Faigh an oiread focla beaga agus is féidir leat sna focla móra seo:






## An Tuiseal Ginideach

Nuair a bhíonn dhá ainmfhocal le chéile, athraíonn an **dara** focal go minic sa Tuiseal Ginideach.

Éist go cúramach leis an athrú a dhéanann tú sa gcaint agus bain triail as é a scríobh sa gceacht thíos:

1. cárta + post = ________________
2. potaí + gliomach = ________________
3. seisiún + eolas = ________________
4. focal + moladh = ________________
5. dáta + breith = ________________
6. casadh + ceol = ________________
7. boladh + rós = ________________

# Ord Aibítre

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m |
| n | o | p | q | r | s | t | u | v | w | x | y | z |

**Cuir na focla seo in ord aibítre:**

1. sloinne ____________________
2. bloclitreacha ____________________
3. ainm ____________________
4. seoladh ____________________
5. dáta ____________________

**Bíonn na focla in ord aibítre sa bhfoclóir.**

**Cuartaigh na focla seo:**

1. teileafón ____________________
2. raidió ____________________
3. uimhir ____________________
4. teagmhálaí ____________________



# Litriú Uimhreacha

Scríobh an uimhir cheart in aice le chuile fhocal. Breathnaigh sa bhfoclóir muna bhfuil tú cinnte d'aon litriú.

sé ________

deich ________

cúig ________

aon ________

trí ________

naoi ________

ceathair ________

ocht ________

dó ________

seacht ________

# Litriú Uimhreacha

**Faigh na focla seo sa gcuardach focal:** → ↓

1. naoi 2. ceathair 3. cúig

4. deich 5. seacht 6. sé

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| b | l | a | n | g | t | m | ú | f | d | t | h |
| a | e | m | r | b | s | é | ó | g | c | l | d |
| g | n | á | c | e | e | h | o | b | m | p | á |
| m | p | h | é | p | a | f | a | d | o | r | b |
| f | c | m | i | s | c | n | a | o | i | t | a |
| l | e | a | ú | b | h | l | u | p | m | o | f |
| d | a | e | t | l | t | p | d | e | i | c | h |
| c | t | b | l | u | c | f | r | e | n | s | m |
| h | h | t | g | d | ú | a | c | b | l | ó | n |
| u | a | r | o | b | i | s | g | m | p | f | l |
| r | i | b | m | u | g | t | n | c | h | d | t |
| n | r | u | l | g | d | á | b | h | s | m | ú |

**Ansin scríobh na focla sin ar na línte agus léigh iad.**

__________ __________ __________

__________ __________ __________



# Litriú Uimhreacha

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| sé | trí | cúig | deich | seacht |
| naoi | aon | ocht | ceathair | dó |

**Scríobh an litriú in aice leis an uimhir:**

10 __________

6 __________

4 __________

9 __________

2 __________

7 __________

3 __________

1 __________

8 __________

5 __________

## Focla Beaga i bhFocla Móra

Faigh an oiread focla beaga agus is féidir leat
sna focla móra seo:

tá

sá

**sábháilteacht**

bun

mí

**míbhuntáistí**



## aoi

**Scríobh 'aoi' i chuile fhocal thíos.**
**Ansin léigh na focla:**

1. b a o i

2. b __ __ __ te

3. c __ __ __

4. d __ __ __ ne

> Is tréghraif é '**aoi**'. Cé go bhfuil trí litir ann, ní chloiseann tú ach aon fhuaim amháin.

**Cuir na gutaí 'aoi' le litir as bosca amháin nó dhá bhosca le haghaidh focla a chumadh.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| f | | | | re |
| s | + | **aoi** | + | |
| f | | | | n |
| c | | | | tín |

1. **faoi**
2. ____________
3. ____________
4. ____________

**Ansin léigh na focla.**

# Siollaí na bhFocla

Nuair a bhriseann muid suas focla ina siollaí, tugann sé cúnamh dúinn iad a litriú:

**iascaireacht = iasc - air - eacht**

**Líon na bearnaí thíos:**

__ __ __ __ aireacht

iasc __ __ __ eacht

iascair __ __ __ __ __

**Bris suas na focla thíos ina siollaí:**

1. sábháilteacht __________ + ________ + __________

2. míbhuntáistí ___ + _________ + ________ + _____

3. teachtaireacht ___________ + _____+ __________



# Comhfhocla

Cuir focal ó chaon bhosca le chéile le focal nua a dhéanamh. Go minic cuirtear 'h' ar an dara focal: cuimhnigh ar an 'h' sin a chur isteach!

| | |
|---|---|
| ríomh | líon |
| leathan | post |
| Idir | clár |
| méar | banda |

**Scríobh na focla anois:**

1. ríomhphost

2. ________________

3. ________________

4. ________________

# An Tuiseal Ginideach

Nuair a bhíonn dhá ainmfhocal le chéile, cuimhnigh go n-athraíonn an **dara** focal go minic sa Tuiseal Ginideach.

Éist go cúramach leis an athrú a dhéanann tú sa gcaint agus bain triail as é a scríobh sa gceacht thíos:

1. seaicéad + tarrtháil = ____________________
2. áit + obair = ____________________
3. lámhainní + sábháilteacht = ____________________
4. comharthaí + aitheantas = ____________________
5. buataisí + sábháilteacht = ____________________
6. baoi + tarrtháil = ____________________
7. aláram + deatach = ____________________
8. faisnéis + an aimsir = ____________________



# An tUrú

Úsáideann muid an t-urú go minic sa gcaint.
Cuimhnigh ar é a úsáid sa scríobh!

**Seo roinnt samplaí:**

| | | |
|---|---|---|
| ag an | → | ag an **g**céibh |
| ar an | → | ar an **bh**fear |
| as an | → | as an **m**bád |
| leis an | → | leis an **g**cósta |
| sa (i + an) | → | sa **m**bád |
| i | → | i **bh**fad |

**Athscríobh an píosa thíos agus cuir urú chuile áit a dteastaíonn sé.**

Bhí Seán sa __bád nuair a tháinig fearg ar an ___fear. Bhí siad ag iascach leis an __cósta nuair a thuig sé gur fhág Séamus an lón ar an __céibh. Bhí siad i ___fad amach agus bhí sé stiúgtha! Tharraing sé dorn ar Shéamus agus thit sé isteach sa ____farraige.

# Nótaí